

# Monopoly Mayhem

Cruthaíodh an cluiche Monopoly in 1935. Tá sé foilsithe in 26 theanga agus ar fáil in 80 tír ar fud an domhain ó shin agus tá breis is 200 milliún cluiche díolta.

I suirbhé ar líne chinn an pobal na 22 thír ar cheart a bheith sa 'Here & Now All-Ireland Edition' agus cé acu a bheidh ar an tír is costasaí.

Mar eolas daoibhse nár imir an cluiche seo riamh, gluaiseann tú timpeall an bhoird agus an rogha agat réadmhaoin a dtuirlingíonn tú uirthi a cheannach. Is toicí réadmhaoiné thú agus teastaíonn uait gach airgead a bhaint de na himreoirí eile agus é a bhreith leat.


Réadmhaoin	Méid Spásanna ó Tosaigh	Costas
An Iar-Mhí	1	€600k
Dún na nGall	3	€600k
Cúige Mumhan	5	€2.0m
Sligeach	6	€1.0m
An Dún	8	€1.0m
Laois	9	€1.2m
Tír Eoghain	11	€1.4m
Telecoms	12	€1.5m
An Cabhán	13	€1.4m
Ciarraí	14	€1.6m
Cúige Chonnacht	15	€2.0m
Fear Manach	16	€1.8m
Liatroim	18	€1.8m
Gaillimh	19	€2.0m
An Mhí	21	€2.2m
Cill Chainnigh	23	€2.2m
Uíbh Fhailí	24	€2.4m
Cúige Laighean	25	€2.0m
Maigh Eo	26	€2.6m
Baile Átha Cliath	27	€2.6m
Idirlíon	28	€1.5m
Lú	29	€2.8m
Loch Garman	31	€3.0m
Luimneach	32	€3.0m
Port Láirge	34	€3.2m
Cúige Uladh	35	€2.0m
Corcaigh	37	€3.5m



Praghsanna éagsúla atá ar réadmhaoin. Cosnóidh an réadmhaoin is mó tóir, leithéidí Chorcaí, níos mó ort. Féach ar an tábla thall. An bhfeiceann tú aon ghaol idir fad na réadmhaoiné ó TOSAIGH agus costas na réadmhaoiné sin? Bealach amháin leis an eolas sin a léiriú ná scaipghraf a mharcáil.

Taispeánfaidh sé go soiléir aon phátrúin nó treochtaí sna sonraí agus cabhróidh leat an gaol idir an dá athróg (na rudaí atá á gcur i gcomparáid agat - féachtar lipéid na haise) a thuairisciú. Marcáil tú féin é nó bain úsáid as an ngraf ullmhaithe ar an leathanach thall.





An bhfeiceanna tú gaol idir 'Méid Spásanna ó TOSAIGH' agus 'Costas' na réadmhaoine?  
Scríobh abairt faoin ngaol sin. An bhfuil aon phointe ann nach bhfuil de réir an treochta?  
Gan féachaint ar an tábla, an bhféadfá a rá cad é/iad féin?

Chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar an treocht, féadfaimid 'Líne Scothoiriúna' nó 'Treochtlíne' a tharraingt ar an ngraf. Tarraing an líne ar an ngraf (nó ar an gceann thuas) is oiriúnaí do na pointí. Bainfimid úsáid as an líne seo chun meastacháin a dhéanamh. Mar shampla, cén praghas is ceart a ghearradh ar réadmhaoin atá 22 spás amach ó TOSAIGH? Cén fáth nach mbeadh anseo ach meastachán?

Is féidir gach líne dhíreach a scríobh i bhfoirm  $y=mx+c$ . Taispeánann sé sin an gaol idir athróg ais x agus athróg ais y. Faigh amach an chiall atá le 'm' agus 'c' agus déan iarracht cothromóid do Líne Scothoiriúna a ríomh.

Leis an gcothromóid seo beidh tú in ann buille faoi thuairim a thabhairt faoina dtarlóidh. Bain úsáid as an gcothromóid chun costas na réadmhaoine a dhéanamh amach má tá sé 50 spás amach ó TOSAIGH. Cén fáth a bhféadfadh sé seo a bheith mícheart? Cad iad na rudaí a mbeifeá ag glacadh leo?

Sa chluiche Monopoly caitheann tú dhá dhísle ar do sheal. Ar an gcéad iarracht an mó spás amach ó TOSAIGH a bheidh tú, an dóigh leat? Cén fáth? Deir Hasbro, déantóirí an chluiche, linn gur ar Fhear Manach, ar Liatroim agus ar Ghaillimh is coitianta a thiteann imreoirí (na cinn oráiste). An eol duit cén fáth? Pléigh é seo leis an rang. Deich gcomhartha atá sa chluiche Monopoly traidisiúnta: Gunna Mór, Buatais, Madra, Traein, Carr, Iarann, Hata Ard, Méaragán, Capall agus Barra Rotha. Dá mba agatsa a bhí an chéad rogha ag tús an chluiche, agus phioc tú comhartha amháin go randamach cad í an dóchúlacht go bpiocfá ainmhí? n mbeadh an dóchúlacht mar an gcéanna dá mbeifeá ag roghnú ar do shon féin? Cén fáth?

Graf arna dhéanamh le Autograph V 3

Íomhanna le caoinchead 'Monopoly' © 2004 Hasbro. Cead Faighte lena nÚsáid

